

The collage consists of seven diamond-shaped photographs. The top-left photo shows a blue container with a mural of a yellow and green bird. The top-right photo shows a woman in a blue vest moving a large red box. The middle-left photo shows three people sitting at a table. The middle-right photo shows a man in a blue vest standing. The bottom-left photo shows a man in a blue vest standing in the snow. The bottom-right photo shows a sign for a mobile camp for refugees. The bottom-center photo shows a man in a blue vest standing.

Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí (CAAR) ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

Arna glacadh ag an mBord Bainistíochta i mí an Mheithimh 2023

Achoimre



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí an Mheithimh 2023

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann EUAA freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

Leagan ISBN 978-92-9403-317-8
PDF

doi: 10.2847/74

BZ-05-23-200-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2023

Grianghraf clúdaigh/léaráid: EUAA 2023

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

**Clár na nÁbhar**

I.	Éachtaí beartais.....	4
	An bhliain go hachomair.....	4
	Príomhthorthaí	5
II.	Faisnéis bhuiséid agus airgeadais	9
III.	Acmhainní daonna, rialú inmheánach agus meastóireachtaí	11





I. Éachtaí beartais

An bhliain go hachomair

Ba é ionradh ceart gan chúis na Rúise ar an Úcráin, a tionscnaíodh an 24 Feabhra, ba chúis leis an ngéarchéim dhaonnúil is mó san Eoraip ó dheireadh an Dara Cogadh Domhanda.

Ar an 4 Márta chuir an Chomhairle an [treoir shealadach cosanta](#) i ngníomh, treoir a chuir ar chumas na mBallstát cosaint thapa agus éifeachtach a chur ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, seachas an nós imeachta tearmainn níos faide a chur i bhfeidhm. Rinneadh an beart eisceachtúil sin den chéad uair le breis agus 20 bliain ó glacadh an treoir. Bhí sé bunaithe ar an mbreithniú go gcuirfeadh mórfhlódú daoine easáitithe ón Úcráin éifeachtúlacht an chórais tearmainn i mbaol agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar na daoine a bhfuil cosaint á lorg acu.

Thug an Chomhairle sainordú do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit a iarrann cúnamh chun déileáil leis an gcás, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na teorach um chosaint shealadach. Faoi dheireadh 2022, bhain beagnach 4 mhilliún duine tairbhe as cosaint shealadach, de réir [Eurostat](#).

An 22 Meitheamh, shínigh 18 mBallstát de chuid an Aontais agus Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis dearbhú lena sainítear *modus operandi* de [shásra dlúthpháirtíochta deonach](#) chun tacú le Ballstáit na Meánmhara den chéad iontráil atá faoi bhrú imirce. Leis an dearbhú, inar aithníodh go ndearnadh géarú ar dhúshláin na himirce mar thoradh ar ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rinneadh dul chun cinn suntasach faoi chuimsiú an [Chomhaontaithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann](#) ón gCoimisiún, mar aon le [sainorduithe caibidlíochta maidir le Eurodac agus na rialacháin maidir le scagadh a bheith á nglacadh ag an gComhairle ar an lá céanna](#).

Ar an iomlán,¹ fuair tíortha AE+ 996,000 iarratas ar thearmann² in 2022, an líon is airde ó bhí géarchéim na ndéanaithe ann in 2015-2016. Tháinig méadú ar an mbrú imirce ag teorainn sheachtrach an Aontais, go háirithe feadh bhealaí na mBalcán Thiar agus na Meánmhara Láir³.

Lean an tSiria agus an Afganastáin de bheith [ar na príomhthíortha tionscnaimh](#), arb ionann iad le chéile agus breis agus an ceathrú cuid (270,000) de na hiarratais uile a taisceadh in 2022. Ba é an Tuirc, le 58,000 iarratas, an tríú tír tionscnaimh, agus Veiniséala ina dhiaidh sin (51,000 iarratas) agus an Cholóim (43,000 iarratas).

¹ Measc na dtíortha¹ AE+ tá 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh móide an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

² Bunaithe ar [Eurostat amhail ón 13 Aibreán 2023](#). Déantar sonraí bliantúla na hÍoslainne a mheas trí úsáid a bhaint as suim na [sonraí míosúla](#).

³ De réir [Frontex amhail ón 13 Eanáir 2023](#).





In 2022, rinne mionaoisigh neamhthionlactha 42,000 iarratas ar thearmann i dtíortha AE+. Ba ionann sin agus méadú trí chúigiú ón mbliain roimhe sin agus an líon ba mhó ó 2016 i leith⁴. Chuir Afganastánaigh beagnach leathchuid de na hiarratais isteach, arbh ionann iad, in éineacht le Siriaigh, agus os cionn dhá thrían de na hiarratais ar fad a chuir mionaoisigh neamhthionlactha isteach i dtíortha AE+.

D'eisigh údaráis tearmainn AE+ thart ar 646,000 cinneadh céadchéime in 2022, ar méadú cúigiú é ón mbliain roimhe sin⁵. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar luas níos tapúla, agus mar thoradh air sin bhí 636,000 cás ag feitheamh le cinneadh céadchéime ag deireadh 2022, an líon is airde ó thús na bliana 2017⁶. Dá bhrí sin, in ainneoin laghdú ar an ualach cásanna ag an dara céim agus níos airde, bhí beagnach 899,000 iarratas ar thearmann ag feitheamh le cinneadh i ngach céim ag deireadh 2022, i.e. beagnach cúigiú níos mó ná bliain roimhe sin⁷.

Príomhthorthaí

I gclár oibre bliantúil na Gníomhaireachta, mar a shonraítear sa [Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022-2024](#) a ghlac an Bord Bainistíochta an 13 Meán Fómhair 2022, sainithníodh 87 cuspóir bhliantúla i sé réimse gníomhaíochta.

Mar a léirítear sa chairt thíos, baineadh amach 67 cuspóir ina n-iomláine nó i bpáirt. As na 20 cuspóir a bhí fágtha, baineadh amach 13 chuspóir i bpáirt agus níor baineadh amach 7 gcinn de bharr srianta oibríochtúla, athrú ar thosaíochtaí a d'eascair as cogadh ionsaitheachta na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus méadú ar an ualach oibre a bhaineann le teacht i bhfeidhm an tsainordaithe nua.

⁴ Bunaithe ar [Eurostat amhail ón 13 Aibreán 2023](#). Bhí sonraí don Íoslainn ar iarraidh.


⁵ Bunaithe ar [Eurostat amhail ón 13 Aibreán 2023](#).

⁶ Bunaithe ar shonraí chóras réamhrabhaidh agus ullmhachta EUAA, ar réamhshonraí iad.

⁷ Bunaithe ar [Eurostat amhail ón 13 Aibreán 2023](#).



Cairt 1 Cuspóirí bliantúla a chatagóiriú



* Slánaítear na figiúirí go dtí an chéad uimhir eile.

Not achieved 7%

Partially achieved 15% (13)

Nearly achieved 11% (10)

Fully achieved 66% (57)

NA 1% (1)

Gan a bheith bainte amach 7%

Bainte amach i bpáirt (13)

Beagnach bainte amach 11% (10)

Bainte amach ina n-iomláine 66% (57)

N/B 1% (1)

Cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil sa tuarascáil iomlán maidir leis na cuspóirí bliantúla, na cúiseanna lena mbaint amach (nó a mhalairt) agus stádas a dtáscarí faoi seach.

I gcomhthéacs eisceachtúil ionsaí míleata na Rúise, chuaigh an Ghníomhaireacht trí atheagrú inmheánach a raibh gá leis chun an sainordú feabhsaithe a d'eascair as teacht i bhfeidhm an rialacháin EUAA a bhaint amach. Rinne clár aistrithe tiomnaithe comhordú ar roinnt athruithe a d'eascair as an rialachán nua, lena gcuirtear naoi dtionscadal ar fáil atá freagrach as cúraimí agus feidhmeanna nua a chur ar bun.

In 2022, mhéadaigh EUAA a chúnamh oibríochtúil agus teicniúil. Bunaíodh buíon chúltaca um thearmann chun foirne tacaíochta tearmainn a imscaradh agus bhí breis agus 300 saineolaí as 21 Bhallstát san áireamh ann faoi dheireadh mhí na Nollag.

I mí na Bealtaine, den chéad uair ó bunaíodh í, rinne an Ghníomhaireacht pearsanra a imscaradh chuig tír nach bhfuil san Aontas, an Mholdóiv. Ar iarratas ón gCoimisiún, thacaigh EUAA le clár um aistriú deonach lena gcabhraítear le daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin athlonnú san Eoraip agus iarratas a dhéanamh ar chosaint shealadach. Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Ghníomhaireacht [pleananna oibríochtúla i bhfeidhm i 14 Bhallstát](#), agus ar an gcaoi sin



leathnaigh sí a cuid oibríochtaí go dtí sé thír bhreise de chuid an Aontais⁸, ar iarratas ó na húdaráis náisiúnta ábhartha.

In 2022, thacaigh an Ghníomhaireacht le thart ar 48,300 clárúchán le haghaidh cosaint idirnáisiúnta sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil agus i Málta agus le breis agus 49,000 clárúchán le haghaidh cosaint shealadach sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil, i Málta agus sa Rómáin. Lean EUAA de chúnamh a thabhairt don Chipir, don Ghréig agus do Mhálta maidir le stádas céadchéime a chinneadh, agus rinne sé thart ar 19,700 agallamh a reáchtáil agus thart ar 8,000 ráiteas deiridh a dhréachtú.

Lean EUAA den churaclam tearmainn Eorpach a leathnú agus d'oiliúint a chur ar fáil do riaracháin náisiúnta agus do phearsanra a imscartar faoi chuimsiú na bpleananna oibríochtúla. Thaifead an Ghníomhaireacht beagnach 9,000 rannpháirtíocht ina cúrsaí oiliúna, 160 díobh sin ó oifigigh as tríú tíortha. Ina theannta sin, bhí beagnach 600 rannpháirtíocht i seisiúin oiliúna na Gníomhaireachta don oiliúnóir.

Cuireadh comhar praiticiúil chun cinn i measc thíortha AE+ maidir le cúrsaí tearmainn trí réimse leathan gníomhaíochtaí agus táirgí a baineadh amach faoi chuimsiú líonraí téamacha EUAA.

Cruthaíodh beagnach 3,000 leathanach de tháirgí faisnéise na tíre tionscnaimh agus tugadh aghaidh ar níos mó ná 1,000 iarratas leighis aonair agus cuireadh ar fáil ar líne iad ar thairseach ghréasáin srianta leighis na dtíortha tionscnaimh. Foilsíodh treoir nua tíre maidir leis an tSomáil agus tugadh treoir tíre maidir leis an Afganastáin agus an Iaráic cothrom le dáta. Mhéadaigh an Ghníomhaireacht táirgeadh na n-anailísí staide, chomh maith mar thoradh ar ionradh ceart mídhleathach na Rúise ar an Úcráin agus seoladh oibríochtaí nua tíre, agus lean sí de chaighdeán oibríochtúla, táscairí, treoirlínte agus dea-chleachtais a fhorbairt, a scaipeadh agus a chur chun cinn.

In 2022, bhí líon nach bhfacthas a leithéid riamh de 576 comhalta de chúirteanna agus de bhinsí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí tacaíochta breithiúnacha EUAA maidir le hábhair speisialaithe a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta. Eagraíodh na gníomhaíochtaí go léir le tacaíocht ghníomhach ó bhuíon saineolaithe breithiúnacha EUAA, ar tháinig fás aon trian uirthi, agus 99 comhalta ar an iomlán inti in 2022.

Rinneadh Fóram Comhchomhairleach EUAA a athbhunú i mí an Mheithimh 2022 le sraith nua rialacha a eascraíonn as rialachán EUAA. Tar éis glao ar léiriú spéise ón tsochaí shibhialta agus ó eagraíochtaí ábhartha eile, bhí níos mó ná 100 comhalta san fhóram nuabhunaithe faoi dheireadh mhí na Nollag.

Lean EUAA de bheith rannpháirteach go láidir sa ghné sheachtrach de CET. Thacaigh an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe in Iostanbúl le 2,585 duine trí 13 mhisean roghnúcháin agus trí mhisean réamhimeachta ó 6 thír AE+. Thairis sin, in 2022 thug an tsaoráid cúnamh den chéad

⁸ In 2022, chuir an Ghníomhaireacht tús le hoibríochtaí san Ostair, sa Bhulgáir, sa tSeicia, san Ísiltír, sa Rómáin agus sa tSlóivéin, agus bhí cúnamh oibríochtúil agus teicniúil á gcur ar fáil cheana féin don Bheilg, don Chipir, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don Liotuáin, do Mhálta agus don Spáinn.





uair chun measúnuithe leighis a dhéanamh ar dhídeanaithe thar ceann tír AE+ (an Eilvéis). Dhearbhaigh EUAA freisin go dtacaíonn sé le fothú acmhainneachta d'Uachtaránacht na Tuirce ar Bhainistiú Imirce.

Thug an Ghníomhaireacht cúnamh do thíortha na mBalcán Thiar trí fhorbairt acmhainní institiúideacha, oiliúint agus cóitseáil sa phost a chur ar fáil maidir le croí-nósanna imeachta tearmainn san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv⁹, i Montainéagró, sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeirbia. Leanadh le cur chun feidhme threochlár EUAA-an Éigipt agus eagraíodh gníomhaíochtaí tacaíochta a raibh baint ag an Nígir agus tíortha uile na hAfraice Thuaidh leo d'fhonn líonra cleachtóirí a bhunú.

Lean córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta leis an atheagrú a rinneadh tar éis theacht i bhfeidhm an tsainordaithe nua. Chuir EUAA feabhas ar a chumas rioscaí a eascraíonn as méadú ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus ar acmhainní airgeadais agus daonna a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú.

Trí leanúint leis an treocht dhearfach ó na blianta roimhe sin, in 2022 rinne an Ghníomhaireacht laghdú breise ar chéatadán na n-íocaíochtaí déanacha, chomh maith le líon agus cóimheas luacha na n-eisceachtaí agus na neamhchomhlíontachtaí i gcomparáid lena buiséad iomlán. As na 15 thuairim a thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a bhí fós gan réiteach sna blianta roimhe sin, dúnadh 10 gcinn díobh agus rinneadh measúnú inmheánach ar 4 cinn díobh gur dúnadh iad.

⁹ Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas agus tá sé ag teacht le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an staid a bhaineann leis an gCosaiv agus le tuairim chomhairleach na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.





II. Faisnéis bhuiséid agus airgeadais

Ghlac an Bord Bainistíochta buiséad EUAA don bhliain 2022 ar dtús, mar chuid de SPD 2022-2024, an 25 Deireadh Fómhair 2021.

Tar éis buiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2022 a ghlacadh an 24 Samhain 2021, ar 20 Nollaig 2021 ghlac an Bord Bainistíochta athbhreithniú 1 de SPD 2022-2024, athbhreithniú lenar méadaíodh buiséad na Gníomhaireachta le EUR 380 000, a d'fhág go raibh EUR 171.78 milliún sa bhuiséad.

Ina dhiaidh sin, ghlac an Bord Bainistíochta dhá leasú ar an mbuiséad.

Ionchorpraíodh na heilimintí seo a leanas sa chéad leasú an 13 Meán Fómhair 2022:

- fóirdheontas breise AE de EUR 12 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 6 mhilliún i leithreasuithe íocaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais mhéadaithe a lean ionradh ceart na Rúise ar an Úcráin;
- an dara tráthchuid de ranníocaíocht dheonach na Danmhairge maidir le cur chun feidhme an treochláir le haghaidh comhair leis an Éigipt, arb ionann é agus EUR 94 063 (DKK 700 000);
- an chéad réamh-mhaoiniú ar chomhaontú ranníocaíochta arna shíniú leis an gCoimisiún laistigh de chéim III den ionstraim um chúnamh réamhaontachais, arb ionann é agus EUR 2 968 129.

Leis an dara leasú, an 29 Samhain 2022, rinneadh laghdú EUR 12 mhilliún ar na leithreasuithe íocaíochta, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme roinnt pleananna oibríochtúla, ar imscaradh saineolaithe agus ar shonrascú seirbhísí ateangaireachta.

Mar thoradh air sin, ba é EUR 168 842 192 an buiséad leasaithe deiridh do 2022.

Ioncam in 2022

Ba í ranníocaíocht an Aontais an phríomhfhoinsé ioncaim in 2022.

Is éard a bhí in ioncam sannta seachtrach in 2022 ranníocaíochtaí uathu siúd a leanas:

- tíortha comhlachaithe, eadhon an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin;
- comhaontú deontais agus comhaontú ranníocaíochta arna síniú leis an gCoimisiún;
- ranníocaíochtaí deonacha díreacha ó na Ballstáit le haghaidh treoirthionscadal réigiúnach EUAA don Afraic Thuaidh agus don Nígir agus don treochlár le haghaidh comhair leis an Éigipt.





Forghníomhú foriomlán an bhuiséid (gach foinse cistí)

In 2022, chuir an Ghníomhaireacht 96% de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais chun feidhme, rud a sháraigh sprioc 95% dá táscaire faireacháin rialachais ábhartha, agus chuir sí 90% de na leithreasuithe íocaíochta i gcrích, rud atá i gcomhréir leis an sprioc chomhfhreagrach.





III. Acmhainní daonna, rialú inmheánach agus meastóireachtaí

Acmhainní daonna

Sannadh 90 post gníomhaire ar conradh gearrthéarmacha (dhá bhliain) do EUAA chun tacú leis na cúraimí oibríochtúla atá ag méadú i gcónaí a bhaineann le tionchar chogadh iosaitheachta na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

D'fhan an plean bunaíochta réasúnta cobhsaí, i.e. liosta na bpost sealadach de réir gráid agus feidhmghrúpa arna n-údarú laistigh de theorainneacha an bhuiséid. I gcomparáid le 2021, fuair an Gníomhaireacht cúig phost bhreise, rud a d'fhág gur 371 post a bhí i líon iomlán na bpost údaithe maidir le gníomhairí sealadacha. Ba é ráta áitíochta an phlean bunaíochta ná 90% ag deireadh na bliana.

Ba é 12% an ráta láimhdeachais bhliantúil foriomlán, i.e. céatadán na mball foirne (lena n-áirítear gníomhairí ar conradh oibriúcháin gearrthéarmacha, gníomhairí ar conradh tionscadal-mhaoinithe agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht) a d'fhág an Gníomhaireacht in 2022, i gcomparáid le 6.6% in 2021. Tá imscrúdú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar chúiseanna an ardláimhdeachais, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thosca éagsúla, lena n-áirítear tréimhse ghearr na gconarthaí, suíomh geografach cheanncheathrú EUAA nó an margadh iomaíoch fostaíochta.

Rialuithe Inmheánacha

Bunaithe ar Rialú Inmheánach – Chreat Comhtháite 2013 de chuid COSO¹⁰, ghlac an Bord Bainistíochta creat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta an [21 Nollaig 2018](#). In 2022, rinne an Gníomhaireacht measúnú ar a 17 gcóras rialaithe inmheánaigh agus fuarthas go bhfuil siad éifeachtach (seacht gcinn) nó go bhfuil siad go hiomlán éifeachtach (deich gcinn). Dá bhrí sin, tá na prionsabail uile i láthair agus i bhfeidhm, cé go bhfuil easnaimh mheasartha nó mioneasnamh fós ann agus tá roinnt feabhsuithe ag teastáil ina leith.

¹⁰ [Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway](#).





Iniúchtaí

In 2022, rinne **Seirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an Choimisiúin (IAS)** iniúchadh ileintitis ar chomhordú idir DG HOME agus gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus misean aimsithe fíoras ag EUAA.

In 2022, níor eisigh **Cúirt Iniúcháirí na hEorpa** tuairimí nua ina tuarascáil iniúcháireachta don bhliain airgeadais 2021.

Meastóireachtaí

Déanann EUAA meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex post* inmheánacha nó seachtracha ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí lena ngabhann caiteachas suntasach. Tugadh ceithre cinn déag de mheastóireachtaí i gcrích in 2022, an líon is airde le hocht mbliana anuas.

Tar éis anailís a dhéanamh ar gach tuarascáil mheastóireachta, comhaontaíonn bainistíocht na Gníomhaireachta plean freagartha chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne na meastóirí.

Ag deireadh 2022, bhí EUAA páirteach i gcur chun feidhme na moltaí a d'eascair as 18 meastóireacht.





Publications Office
of the European Union

